| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 14 Samhain 2011 (15.11)**<br>**(OR. en)** |
| | **16768/11** |
| | **DEVGEN 307**<br>**RELEX 1176**<br>**ACP 218**<br>**COHAFA 104**<br>**WTO 402**<br>**ONU 141**<br>**OCDE 8** |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Ardrúnaíocht |
| Dar dáta: | 14 Samhain 2011 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15732/11 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i leith Tuarascáil Bhliantúil 2011 maidir le Beartais an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt agus um Chúnamh Seachtrach agus a gcur chun feidhme in 2010 |

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle an 14 Samhain 2011, ghlac sí na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le**

**Tuarascáil Bhliantúil 2011 maidir le Beartais an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt agus um Chúnamh Sheachtrach agus a gcur chun feidhme in 2010**

1. Fearann an Chomhairle fáilte roimh an Tuarascáil Bhliantúil 2011 maidir le Beartais an Aontaigh Eorpaigh um Fhorbairt agus um Chúnamh Seachtrach agus a gcur chun feidhme in 2010[1] mar aon le hiarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur i gcónaí ar cháilíocht agus ar sholáimhseacht na tuarascála sin.

2. Thug an AE tuarascáil uaidh gach bliain ar a bheartais um fhorbairt agus um chúnamh seachtrach agus a gcur chun feidhme le deich mbliana anuas. Is uirlis thábhachtach í an tuarascáil bhliantúil maidir le hiarrachtaí an Aontais freagracht agus trédhearcacht a neartú chomh maith le díriú ar thorthaí. Molann an Chomhairle an Coimisiún as an obair atá déanta aige agus cuireann sí in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht a ardú agus béim á coimeád ar threochtaí maidir le beartas agus le cur chun feidhme ag an am céanna.

3. Meabhraíonn an Chomhairle a Conclúidí maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2010[2] agus tugann sí dá haire na hiarrachtaí a rinneadh chun freagairt do na moltaí, go háirithe maidir leis an mbéim níos mó a chuirtear ar thorthaí agus ar éifeachtacht na cabhrach mar aon leis na hiarrachtaí torthaí a thomhas agus tionchar a mheas. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cur leis na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear an obair leanúnach atá á déanamh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chumarsáid agus leas níos fearr a bhaint as faireachán, as meastóireacht agus as dea-chleachtais chun go neartófar ceapadh beartais agus go gcuirfear cúnamh ar fáil go sonrach mar a bheartaítear.

[1] 12600/2011 COIM(2011) 414 deireanach/SEC(2011) 880 deireanach.
[2] 14908/10.

4. Fearann an Chomhairle fáilte faoi leith roimh an aird shonrach a tugadh do thacaíocht mhéadaitheach an AE dul i ngleic leis na spriocanna sin as Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM) nach bhfuil ag cloí leis an sceideal ar chor ar bith, agus nach bhfuil ag cloí leis na cásanna polaitiúla agus eacnamaíocha is casta ar fud na cruinne. Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar an tionchar diúltach a bhíonn ag an méid sin ar fhostaíocht, go príomha ar dhaoine óga agus ar an míchothromaíocht atá ag dul i méid i dtíortha agus idir tíortha. Maidir leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún léiriú conas a dhéanann sé idirdhealú idir a straitéisí freagartha agus a rialacha mionsonraithe i ndáil le cúnamh chun cabhair éifeachtúil agus éifeachtach a chur chun feidhme i gcomhar le Ballstáit an AE agus le comhpháirtithe eile i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin éagsúla, agus breithnithe maidir le Comhleanúnachas Beartais i leith Forbartha á gcur san áireamh. Go háirithe, cuirtear fáilte roimh an tuairisciú a dhéantar ar idirghabhálacha tráthúla i gcásanna leochaileacha agus i gcásanna iar-ghéarchéime, lena n-áirítear comhar an AE le tríú pháirtithe amhail tíortha cumhachtacha atá ag teacht chun cinn agus institiúidí iltaobhacha.

5. Is mór ag an gComhairle na hiarrachtaí a rinneadh chun go neartófar an tuairisciú a dhéantar ar an mbealach ina n-iompaíonn an AE na gealltanais atá tugtha aige maidir le cabhair, éifeachtacht na cabhrach, an méid a baineadh amach le Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus comhleanúnachas beartais d'fhorbairt go gníomhartha sonracha lena ndírítear ar an mbochtaineacht a laghdú agus ar fhás cuimsitheach a spreagadh. Sa chomhthéacs sin, fearann an Chomhairle fáilte roimh tuilleadh iarrachtaí chun aird a dhíriú ar an mbealach ina mbaintear úsáid as an gcabhair chun breis maoiniúcháin a ghiaráil don fhorbairt agus ar an mbealach ina gcumasctar deontais agus iasachtaí chun fás cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a spreagadh. Ar an gcaoi chéanna, leis an simpliú leanúnach a dhéantar ar na nósanna imeachta tairisceana agus ar na nósanna imeachta deontais, d'fhéadfaí níos mó airde a thabhairt ar an mbealach ina bhfeabhsaítear comhar an AE leis an tsochaí shibhialta, le húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach.

6. Déanfar athnuachan agus comhdhlúthú araon ar bheartas an AE um fhorbairt, ar atheagrú institiúidí an AE agus ar chreat níos leithne na cabhrach in 2011. Maidir leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na nithe seo a leanas a chumhdach sa tuarascáil a dhéanfaidh sí in 2012:

a. Réamh-mheastacháin an AE maidir lena bhunluachanna agus le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear rialachas daonlathach, cearta an duine agus comhionannas inscne a neartú.

b. An tionchar méadaitheach a bhaineann le beartas an AE um fhorbairt, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinneadh maidir le comhordú níos fearr, agus iarrachtaí leanúnacha sheirbhísí an Choimisiúin níos mó idirdhealú a dhéanamh idir na freagairtí a thugtar i dtíortha comhpháirtíochta. Ba cheart go n-áireofaí air sin comhthéacs rialacha mionsonraithe an AE maidir le cabhair, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach agus anailís pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadais níos déine chomh maith le measúnuithe ar bhainistiú riosca.

c. Na torthaí a bhí ar iarrachtaí an AE geilleagar glas a chur chun cinn trí fhás atá cliste agus cuimsitheach lena n-áirítear dea-chleachtais maidir le comhleanúnachas beartais maidir le forbairt agus béim faoi leith a leagan ar an gcomhshaol, ar bhithéagsúlacht agus ar athrú aeráide.

d. Léaráidí agus samplaí faoin mbealach ina gcuireann atheagrú sheirbhísí an Choimisiúin agus bunú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí le beartais an AE i ndáil le forbairt agus le cúnamh seachtrach a chur ar fáil ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí.